A Chomhmhúinteoir, a chara,

Is cúis áthais d'Fhoireann na Gaeilge (Bunscoile) an chéad chor poist don scoilbhliain 2024/25 a roinnt leat. Toisc go bhfuil an scoilbhliain nua faoi lán seoil um an dtaca seo, ba bhreá linn an deis seo a thapú chun roinnt eolais i dtaobh an teagaisc agus na foghlama a chur faoi do bhráid.

## An GaelAonad- Foireann na Bunscoile, Gaeilge - Cé sinn?



Aoife Ní Mháille
Divisional Director
GaelAonad



Deirdre Nic Gabhann
Ceannaire Foghlama Gairmiúla
GaelAonad
Bunscoil



Fiona Uí Luanaigh
Ceannaire Foghlama Gairmiúla
GaelAonad
Bunscoil



Aoife Ní Scolaí
Ceannaire Foghlama Gairmiúla
GaelAonad
Bunscoil



Úna Ní Sheanáin
Ceannaire Foghlama Gairmiúla
GaelAonad
Bunscoil




Gearoid McGinley
Ceannaire Foghlama Gairmiúla
GaelAonad
Bunscoil

Tá Foireann na Bunscoile, Gaeilge, ag súil go mór le bualadh le ceannairí scoile agus múinteoirí ó cheann ceann na tíre i rith na bliana. Is féidir leat iarratas do thacaíocht ionscoile a chlárú trí fhoirm iarratais a líonadh anseo . Beidh na sonraí lógála isteach a bhaineann le do scoil ag teastáil uait leis an iarratas seo a dhéanamh.

## Suíomh Gréasáin Oide

Tá cáipéisí, doiciméid agus tacaíochtaí a bhaineann le Curaclam Teanga na Bunscoile ar fáil ar shuíomh Oide tríd an nasc **seo.**

Chomh maith leis sin, más spéis leat clárú do chor poist foirne eile in Oide, is féidir leat clárú dóibh anseo.



## Gaeilge Bheo A
## Ceardlann idirghníomhach faoi theagasc agus múineadh na Gaeilge

Tar éis rath '*Gaeilge Bheo*' A agus B anuraidh, táimid ag reáchtáil Gaeilge Bheo A agus Gaeilge Bheo B arís i mbliana. Trí cheardlann idirghníomhacha ar líne atá i gceist le Gaeilge Bheo A. Beifear ag díriú ar an gcur chuige cumarsáideach chun an Ghaeilge a mhúineadh i scoileanna lán-Bhéarla, ar bhealach atá spraíúil. Toisc gur sraith de cheardlanna idirghníomhacha í seo, beidh neart deiseanna ag múinteoirí a nGaeilge féin a úsáid agus a chleachtadh.

**Gaeilge Bheo A**
**Máirt 12 Samhain 2024**
**Máirt 19 Samhain 2024**
**Máirt 26 Samhain 2024**

3:00 - 4:00 i.n. | ar Zoom

***Cláraigh anseo gan mhoill, agus seolfar nasc chugat roimh an gcéad chruinniú. Tá líon teoranta áiteanna ar fáil!***

## FCÁT: Foghlaim Chomhtháithe Ábhar & Teanga (FCÁT) 2024/25

Is *cur chuige oideachasúil, défhócasaithe í FCÁT ina n-úsáidtear ábhar eile chun teanga agus ábhar a fhoghlaim agus a mhúineadh. Freastalaíonn cur chuige FCÁT ar ghnéithe den churaclam a sholáthar trí theanga eile seachas gnáthmheán teagaisc na scoile.* Aithnítear san Eoraip agus go hidirnáisiúnta go mbíonn torthaí *maithe ar FCÁT mar chur chuige i leith na foghlama teanga.*

Guímid gach rath ar an 100 scoil lán-Bhéarla atá ag glacadh páirte sa tionscadal seo den chéad uair i mbliana. Tá Oide ag tacú leis na scoileanna seo trí fhoghlaim ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil ar líne do scoileanna rannpháirteacha ina mbíonn deis acu comhoibriú lena chéile mar bhaill de phobal cleachtais. Beidh corpoideachas á mhúineadh trí Ghaeilge acu le tacaíocht ó fhoireann Oide. Táimid ag súil le tacaíocht a thabhairt don 60 scoil a ghlac páirt anuraidh arís i ndiaidh na Nollag, nuair a bheidh siad ag tabhairt faoin matamaitic a mhúineadh trí Ghaeilge.

Tugaimid cuireadh daoibh bhur n-obair a roinnt linn trí chlibeáil a dhéanamh orainn ar @OidePrimGaeilge

FCÁT

**Frásaí na Míosa**

Roinntear frásaí agus seanfhocal nua gach mí ar chuntas X @OidePrimGaeilge

Tapaígí an deis iad a úsáid sa seomra ranga.

Seanfhocal na míosa:

*De réir a chéile a thógtar na caisleáin*

## Nathanna don saibhreas teanga

- **Mo cheol thú** (Maith thú!)
- **Tháinig sé aniar aduaidh orm** (Ní raibh mé ag súil leis)
- **chun cuma na maitheasa a chur air** (snas a chur ar rud)
- **idir dhá cheann na meá** (gan a bheith cinnte faoi rud)
- **gan mórán dua** (easpa trioblóide)
- **Bhí an chaint ag dul anonn is anall** (Bhí an comhrá ag dul ó thaobh amháin agus ar ais)
- **is fiú an tairbhe an trioblóid** (is fiú an obair ar fad sa deireadh)
- **ina chíor thuathail/ina gcíor thuathail** (bun os cionn/ina phraiseach)
- **i mbun pinn** (ag scríobh)
- **idir óg is aosta** (gach cineál duine)




An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Acmhainn na Míosa

Tá pacáiste acmhainní nua deartha ag COGG a chabhróidh le múinteoirí teagasc na Gaeilge a chomhtháthú leis an Snáithe Lúthchleasaíochta sa rang Corpoideachais. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo go bhfoghlaimeoidh daltaí an Ghaeilge ar bhealach taitneamhach, sultmhar agus nádúrtha. Tá acmhainní féinstiúrtha ar fáil do ranganna na naíonán faoi láthair.

Chun rochtain a fháil ar na hacmhainní nua seo, cláraigh anseo chun an pasfhocal a fháil.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie.

Is sinne le meas,
Foireann na Gaeilge, Bunscoile, Oide.